2024/2047

30.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2047 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena n-údaraítear síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) a chur ar an margadh mar bhia traidisiúnta ó thríú tír agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear i liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas. Ar bhonn an tsainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c) de Rialachán (AE) 2015/2283, meastar gur bia núíosach bia traidisiúnta ó thríú tír.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) An 10 Deireadh Fómhair 2019, chuir an chuideachta WhatIF F&I Pte Ltd ('an t-iarratasóir') fógra faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283 á rá go raibh sé ar intinn aici síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia traidisiúnta ó thríú tír. D'iarr an t-iarratasóir go n-úsáidfí an bia lena mbaineann sa riocht sin (síolta cócaráilte) nó mar phlúr agus tá sé beartaithe don phobal i gcoitinne.

(4) Comhlíonann an fógra na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283. Go sonrach, léiríonn na sonraí a chuir an t-iarratasóir i láthair go bhfuil stair úsáid an bhia shláin san Afraic ag síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc.

(5) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, an 14 Meán Fómhair 2023 chuir an Coimisiún an fógra bailí ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás').

(6) Maidir leis an mbia lena mbaineann a chur ar an margadh laistigh den Aontas, níor cuireadh aon agóid chuí-réasúnaithe i ndáil le sábháilteacht faoi bhráid an Choimisiúin ó na Ballstáit ná ón Údarás laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(7) An 29 Eanáir 2024, d'fhoilsigh an tÚdarás an 'technical Report on the notification of dried seeds and flour thereof of *Vigna subterranea* (L.) Verdc. as a traditional food from a third country pursuant to Article 14 of Regulation (EU) 2015/2283 ([3])' [Tuarascáil theicniúil uaidh maidir le fógra a thabhairt faoi chnónna triomaithe *Vigna subterranea* (L.) Verdc. agus plúr a dhéantar as mar bhia traidisiúnta ó thríú tír de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2015/2283]. Sa tuarascáil sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach cúis imní sábháilteachta iad na sonraí atá ar fáil maidir le comhdhéanamh síolta agus plúr *Vigna subterranea* (L.) Verdc. ná maidir le stair na húsáide a iarrtar ina leith.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).
([3]) Foilseacháin Tacaíochta de chuid EFSA 2024:EN-8571.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún údarú a thabhairt síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. a chur ar an margadh laistigh den Aontas mar bhia traidisiúnta ó thríú tír, agus liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(9) Sa tuarascáil uaidh, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfaí coinne a bheith le frithghníomhartha ailléirgeacha tar éis an bia traidisiúnta a chaitheamh, go háirithe i ndaoine atá íograithe i leith piseanna talún agus pónairí soighe. Thug an tÚdarás dá aire sa tuarascáil uaidh freisin gur cheart na síolta triomaithe a chur ar maos agus a bheiriú sula n-itear iad, faoi mar a dhéantar i gcás léagúim thriomaithe eile. Dá bhrí sin, maidir le síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. a chuirtear ar fáil don tomhaltóir, is iomchuí iad a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(10) Ba cheart síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. ó thríú tír a chur san áireamh ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Déanfar síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. ó thríú tír a chur san áireamh ar liosta an Aontais de bhianna núíosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
'Síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. (bia traidisiúnta ó thríú tír)	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*	1. Is é 'Síolta/cnó/pónaire/pis talún Bambara (*Vigna subterranea*)' ainmniú an bhia núíosaigh ar lipéadú na n-earraí bia a bhfuil sé iontu nó 'Plúr síl/cnó/pónaire/pise talún Bambara (*Vigna subterranea*)' ag brath ar an bhfoirm a úsáidtear. 2. Ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil an bia traidisiúnta, beidh ráiteas go bhféadfadh síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* a bheith ina gcúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás tomhaltóirí a bhfuil ailléirgí aitheanta orthu le piseanna talún agus pónairí soighe. Beidh an ráiteas sin díreach taobh le liosta na gcomhábhar nó, in éagmais liosta comhábhar, díreach taobh le hainm an bhia. 3. Nuair a dhíoltar na síolta neamhchócaráilte, beidh ráiteas ar an lipéadú gur cheart iad a chur ar maos agus a bheiriú sula n-itear iad.'	
	Ní shonraítear			

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíocht
'Síolta agus plúr síl *Vigna subterranea* (L.) Verdc. (bia traidisiúnta ó thríú tír)	**Tuairisc/Sainmhíniú:** Is é atá sa bhia traidisiúnta síolta triomaithe scilligthe iomlána *Vigna subterranea* (L.) Verdc. [Fine: Fabaceae (alt. Leguminosae)] nó an plúr a fhaightear trí roinnt beart, lena n-áirítear cóireáil teasa agus na síolta a mheilt. Comhchiallaigh: *Cryptolobus subterraneus* (L.) Spreng., *Glycine subterranea* L., *Tetrodea subterranea* (L.) Raf., *Voandzeia subterranea* (L.) Thouars. Gnáthainmneacha: Pis talún Bambara, cnó Bambara, pónaire Bambara, pis Bambara, pónaire Nyimo.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2047/oj

IO L, 30.7.2024

GA

	Síolta triomaithe **Raon tipiciúil an chomhdhéanaimh:** Taise: 7–11 % Próitéin: > 15 % Carbaihiodráití: 32–65 % Siúcra:< 6,0 % Saill: 4–7 % Snáithín: 7–31 % **Miotail throma:** Arsanaic: < 0,05 mg/kg Caidmiam: < 0,02 mg/kg Luaidhe: < 0,05 mg/kg Mearcair: < 0,01 mg/kg **Míceatocsainí:** Suim na n-Aflatocsainí (B1+B2+G1+G2): < 4 µg/kg Aflatocsain B1: < 2 µg/kg Suim na Fúmainisine (B1+B2+B3): < 60 µg/kg Dé-ocsainiviléanól: < 0,1 mg/kg Ócratocsain A: < 0,5 µg/kg Searailionón: < 0,1 mg/kg **Éilleáin nó fachtóirí frithchothaitheacha eile:** Aigéad hidricianach (lena n-áirítear aigéad hidricianach cuimsithe i ngliocóisídí cianaigineacha): < 15 mg/kg **Critéir mhicribhitheolaíocha:** Spóir aeróbacha mhéisifileacha: < 1 Spór/g *Alicyclobacillus*: Nár aimsíodh in 10 g *Bacillus cereus* toimhdean: < 10 CFU/g Baictéir dhrólannacha: < 10 CFU/g *E. coli*: < 10 CFU/g *Salmonella*: Nár aimsíodh in 25 g *Staphylococcus aureus*: < 10 CFU/g Áireamh Coilíneachtaí Aeróbacha: < 5 000 ADC/g Giosta & Múscáin: < 100 ADC/g **Plúr síl triomaithe** **Raon tipiciúil an chomhdhéanaimh:** Taise: 4–7 % Próitéin: > 15 % Carbaihiodráití: 55–75 % Siúcra: < 20 % Saill: 4–9 % Snáithín: 10–30 %

	Miotail throma: Arsanaic: < 0,05 mg/kg Caidmiam: < 0,02 mg/kg Luaidhe: < 0,05 mg/kg Mearcair: < 0,01 mg/kg **Míceatocsainí:** Suim na n-Aflatocsainí (B1+B2+G1+G2): < 4 µg/kg Aflatocsain B1: < 2 µg/kg Suim na Fúmainisine (B1+B2+B3): < 60 µg/kg Dé-ocsainiviléanól: < 0,1 mg/kg Ócratocsain A: < 0,5 µg/kg Searailionón: < 0,1 mg/kg **Éilleáin nó fachtóirí frithchothaitheacha eile:** Aigéad hidricianach (lena n-áirítear aigéad hidricianach cuimsithe i ngliocóisídí cianaigineacha): < 10 mg/kg Aigéad fíteach: < 0,01 g/100 g **Critéir mhicribhitheolaíocha:** Spóir aeróbacha mhéisifileacha: < 1 Spór/g *Alicyclobacillus*: Níor aimsíodh in 10 g *Bacillus cereus* toimhdean: < 10 ADC/g Baictéir dhrólannacha: < 10 ADC/g *E. coli*: < 10 ADC/g *Salmonella*: Níor aimsíodh in 25 g *Staphylococcus aureus*: < 10 ADC/g Áireamh Coilíneachtaí Aeróbacha: < 1 000 ADC/g Giosta & Múscáin: < 100 ADC/g cfu: aonaid déanta coilíneachta’